An Roinn Oideachais agus Scileanna
Rannog Oideachais Speisialta
Cor na Madadh
Átha Luain
Co. na hIarmhí

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Department of Education and Skills
Special Education Section
Cornamaddy
Athlone
Co. Westmeath

**Imlitir 0030/2014**

**Ciorclán chuig Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna, Scoileanna Speisialta, Mheánscoileanna, Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha agus chuig Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS) chun tacú le múinteoirí freastal ar riachtanais chúraim leanaí áirithe a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu de bharr míchumais

## 1. Achoimre ar an gCiorclán

Is iad seo a leanas na príomh-shaincheisteanna a phléitear sa Chiorclán seo:

- Déantar cuspóir scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta a shoiléiriú agus a athshonrú sa Chiorclán seo, is é sin foireann tacaíochta aosach a chur ar fáil do scoileanna chun cabhrú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus riachtanais chúraim shuntasacha bhreise acu freisin. Soláthraítear tacaíocht dá leithéid chun a dtinreamh scoile a éascú agus ionas nach gcuirfear isteach ar an rang ná ar an am teagaisc ach a laghad is féidir do na daltaí i gceist, nó dá bpiaraí, d'fhonn a scileanna maireachtála neamhspleáiche a fhorbairt. **(Roinn 2: Réamhrá agus Roinn 3: Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS))**

- Soláthraítear sonraí ann ar na **riachtanais chúraim phríomhúil** a gcuirfear tacaíocht CRS ar fáil ina leith go hiondúil. Sonraítear freisin cineálacha na **dtascanna gaolmhara faoin gcúram tánaisteach** a bhféadfadh CRS iad a dhéanamh go minic, ar an gcoinníoll go bhfuil an CRS sin leithdháilte cheana féin ar bhonn ceanglais chun freastal ar riachtanais chúraim phríomhúil: **(Roinn 4: Riachtanais Chúraim)**

- Soiléirítear sa Chiorclán ról an Mhúinteora Ranga agus na Múinteoirí Acmhainne/Tacaíochta Foghlama chun oideachas a sholáthar do leanbh, agus ról an Chúntóra Riachtanas Speisialta chun tacú leis na múinteoirí sin trí chabhair a thabhairt maidir le riachtanais chúraim **(Roinn 5: Ról an Mhúinteora Ranga, an Mhúinteora Acmhainne, agus an Chúntóra Riachtanas Speisialta)**

- Leagtar amach an ról a bhíonn ag tuairiscí gairmiúla chun tacú le Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta. Bíodh is go bhfuil ról luachmhar ag tuairiscí gairmiúla maidir le riachtanais linbh a shainaithint, is ar an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) atá an fhreagracht cinneadh a dhéanamh ar an méid tacaíochtaí oideachais a chuirfear ar fáil do scoileanna, i gcomhréir le beartas na Roinne Oideachais agus Scileanna: **(Roinn 6: Ról Tuairiscí Liachta agus Tuairiscí Gairmiúla eile)**

- Sonraítear sa Chiorclán na cúinsí ina gcuirfear tacaíocht CRS ar fáil le haghaidh riachtanais chúraim a bhaineann le cúrsaí iompraíochta. Ní chuirfear tacaíocht CRS ar fáil le haghaidh riachtanais chúraim a bhaineann le cúrsaí iompraíochta ach amháin sa chás ina bhfuil diagnóis déanta ar dheacracht mhothúchánach nó iompraíochta (EBD) nó ar dheacracht shóisialta, mhothúchánach agus iompraíochta (SEBD), nó ar neamhord iompraíochta eile i gcomhar le míchumas eile. Soláthrófar tacaíocht freisin i gcás inar léir nach bhfuil ag éirí le straitéisí bainistíochta iompraíochta go dtí seo, agus i gcásanna ina bhfuil sé léirithe go gcabhródh rochtain ar thacaíocht CRS leis an leanbh: **(Roinn 7: Tacaíocht CRS le haghaidh Daltaí a bhfuil Riachtanais Chúraim Iompraíochta acu)**

- Áirítear sonraí ar na riachtanais ar leith maidir le tacaíocht CRS le haghaidh leanaí a bhfuil lagú céadfach orthu: **(Roinn 8: Tacaíocht CRS le haghaidh Leanaí a bhfuil Lagú Amhairc nó Éisteachta orthu.**

- Soláthraítear sonraí sa Chiorclán ar phróiseas leithdháilte NCSE atá ceaptha chun méid áirithe tacaíochta CRS a leithdháileadh ar scoileanna gach bliain chun freastal ar riachtanais chúraim leanaí incháilithe. **(Roinn 9: Próiseas leithdháilte NCSE, Roinn 10: Méid Tacaíochta a Leithdháileadh ar Scoileanna)**

- Ba cheart go mbeadh rochtain ag daltaí ar thacaíocht CRS bunaithe ar leibhéal a gcuid riachtanas i rith an lae scoile. Sonraítear freagracht na scoileanna maidir le bainistíocht agus imlonnú Cúntóirí Riachtanas Speisialta agus maidir leis na ceanglais lena áirithiú gur féidir le daltaí scileanna maireachtála neamhspleáiche a fhorbairt i **(Roinn 11: Rochtain ar Thacaíocht CRS, Roinn 12: Ról na Scoile maidir le Tacaíocht CRS a Bhainistiú).**

- Tá gach leithdháileadh CRS faoi réir athbhreithniú bliantúil ag NCSE. Déanfar gach leithdháileadh ar feadh tréimhse áirithe ama. Déanfar an leithdháileadh ar feadh tréimhse trí bliana i dtosach, faoi réir athbhreithniú bliantúil, agus bíonn an leithdháileadh faoi réir athmheasúnú iomlán ag deireadh na tréimhse trí bliana sin. **(Roinn 13: Athbhreithniú Bliantúil agus Roinn 14: Leithdháileadh ar feadh tréimhse áirithe)**

- Ceanglaítear ar scoileanna Plean Pearsanta Dalta (PPP) a chur i bhfeidhm lena n-áirítear plean cúraim le haghaidh gach dalta a bhaineann leas as tacaíocht CRS. Ní mór go mbeadh beartas soiléir i bhfeidhm i scoileanna ina bhfuil Cúntóirí Riachtanas Speisialta fostaithe mar chuid de phróiseas pleanála na scoile chun Cúntóirí Riachtanas Speisialta a bhainistiú agus a imlonnú: **(Roinn 15: Plean Pearsanta Dalta (PPP))**

- Tá a thábhachtaí is atá sé aird a thabhairt ar dhearcadh an linbh agus athbhreithniú á dhéanamh ar an leibhéal rochtana ar Chúntóir Riachtanas Speisialta atá de dhíth leagtha amach i **(Roinn 16: Dearcadh an Linbh)**

- Sonraítear an beartas maidir le himlonnú Cúntóirí Riachtanas Speisialta ar leibhéal na nIar-Bhunscoileanna: **(Roinn 17: Leithdháileadh Cúntóirí Riachtanas Speisialta in Iar-Bhunscoileanna)**

- Sonraí ar conas is féidir le tuismitheoirí nó le scoileanna achomharc a dhéanamh ar an leibhéal tacaíochta CRS atá leithdháilte ar leanbh **(Roinn 18: Achomharc leis an Scoil agus Roinn 18: Próiseas Achomhairc NCSE)**

## 2. Réamhrá

Tá scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS) ceaptha chun foireann tacaíochta aosach a chur ar fáil do scoileanna chun cabhrú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus riachtanais chúraim shuntasacha bhreise acu freisin. Soláthraítear tacaíocht dá leithéid chun tinreamh scoile na ndaltaí sin a éascú agus ionas nach gcuirfear isteach ar an rang ná ar an am teagaisc ach a laghad is féidir do na daltaí i gceist, nó dá bpiaraí, d'fhonn a scileanna maireachtála neamhspleáiche a fhorbairt.

Tá an-tionchar ag scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta lena áirithiú go ndéantar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chuimsiú go rathúil san oideachas príomhshrutha, agus freisin lena áirithiú go soláthraítear tacaíocht chúraim do dhaltaí atá cláraithe i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta.

Ó leagadh amach na critéir do scéim na gCúntóirí Riachtanais Speisialta den uair dheiridh i gCiorclán 07/02 ón Roinn Oideachais agus Scileanna, tá roinnt forbairtí tagtha chun cinn maidir le tacaíochtaí oideachais speisialta a sholáthar do scoileanna. Áirítear orthu sin bunú na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) agus fairsingiú na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS); bunú na Seirbhísí Tacaíochta d'Oideachas Speisialta (SESS); socruithe nua iompair scoile agus tionlacain ar bhusanna; agus múinteoirí tacaíochta foghlama agus múinteoirí acmhainne breise a sholáthar do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna.

D'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna Athbhreithniú ar Luach ar Airgead agus ar Bheartas maidir le scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta in 2011 inar foilsíodh roinnt beartas maidir le feidhmiú na scéime sa todhchaí. Mar a fuarthas amach san Athbhreithniú sin, is léir go bhfuil Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta ag tacú le scoileanna chun freastal ar riachtanais daltaí faoi mhíchumas, a bhfuil riachtanais chúraim shuntasacha acu freisin, agus gur chabhraigh an Scéim le cur ar chumas an méid daltaí is féidir freastal ar scoileanna príomhshrutha.

Mar sin féin, tháinig sé chun cinn san Athbhreithniú freisin nach bhfuil tuiscint mhaith ag foireann na scoileanna ná ag tuismitheoirí ar chuspóir na scéime ná ar an bpróiseas leithdháilte. Fuarthas amach nach raibh imlonnú praiticiúil na gCúntóirí Riachtanas Speisialta i scoileanna ag cloí leis na cuspóirí a bhí beartaithe i dtosach, is é sin freastal ar riachtanais chúraim leanaí, agus go bhfuil claonadh ann Cúntóirí Riachtanas Speisialta a dhéanamh páirteach i gcúrsaí iompraíochta, teiripeacha, oideolaíocha/teagaisc agus i ndualgais riaracháin.

Moladh san Athbhreithniú gur cheart na critéir maidir le leithdháileadh na tacaíochta a athshonrú agus a shoiléiriú le haghaidh tuismitheoirí agus scoileanna araon.

Tá roinnt páipéar ar chomhairle beartais foilsithe ag NCSE maidir le seirbhísí a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear: Ról Scoileanna agus Ranganna Speisialta sa Todhchaí; Oideachas Páistí Bodhra agus Lagéisteachta in Éirinn; Oideachas a chur ar Dhaltaí a

bhfuil Iompraíocht Dhúshlánach Acu ag eascairt ó Shuaitheadh Mothúchánach Trom/ Neamhoird Iompraíochta; agus Ag Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i Scoileanna. Déantar roinnt moltaí sna foilseacháin sin maidir le tacaíocht CRS a sholáthar.

Tá an Ciorclán seo á chur in ionad Chiorcláin 07/02 agus 09/2009 ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Ba cheart é a leamh i gcomhar leo seo a leanas:

- Ciorclán 006/2011 ón Roinn Oideachais agus Scileanna: Socruithe leasaithe do leithdháileadh poist mar Chúntóirí Riachtanas Speisialta
- Ciorclán 0071/2011 ón Roinn Oideachais agus Scileanna: Comhaontú na Seirbhíse Poiblí (Páirc an Chrócaigh) – Cúntóirí Riachtanas Speisialta
- Ciorclán 0058/2006 ón Roinn Oideachais agus Scileanna Socruithe Iomarcaíochta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta, agus Ciorcláin 12/05 agus 15/05 ón Roinn Oideachais agus Scileanna Conradh Fostaíochta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta
- Treoirlínte ar an bPróiseas um Plean Oideachais Aonair
- Riachtanais Oideachais Speisialta – Contanam Tacaíochta
- Contanam Tacaíochta d'Iar-Bhunscoileanna
- Deacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Sóisialta (BESD) – Contanam Tacaíochta
- Ciorclán 02/05 maidir leis an Oideachas Speisialta: Acmhainní Teagaisc a Eagrú do Dhaltaí i mBunscoileanna Príomhshrutha a mbeidh Tacaíocht sa Bhreis uathu
- Ciorclán 08/02 ón Roinn Oideachais agus Scileanna: Iarratais ar oidethacaíocht i mbun acmhainní ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha
- Cuimsiú Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu: Treoirlínte d'Iar-Bhunscoileanna
- Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna

### 3. Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta

**Soláthraítear tacaíocht CRS go sonrach chun cabhrú le bunscoileanna, le hiar-bhunscoileanna, agus le scoileanna speisialta aitheanta freastal ar riachtanais chúraim daltaí faoi mhíchumas i gcomhthéacs oideachais, sa chás inar léiríodh i dtuairiscí gairmiúla go bhfuil nádúr na riachtanas cúraim sin chomh tromchúiseach sin go mbeidh cúnamh ó dhuine fásta de dhíth ar dhalta chun freastal ar an scoil agus chun páirt a ghlacadh san oideachas.**

Ní sholáthraítear tacaíocht CRS ach i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna aitheanta amháin. Ní sholáthraítear tacaíocht CRS in ionaid nach scoileanna aitheanta iad ach a bhféadfaí seirbhísí do dhaoine óga a bheith á gcur ar fáil iontu, amhail saoráidí leighis, ionaid choinneála do dhaoine óga, aonaid ardtacaíochta, ospidéil, naíolanna, agus réamhscoileanna. Cuimsítear gné chúraim i socruithe foirne saoráidí dá leithéid go hiondúil.

Ní sholáthraítear tacaíocht CRS ach an oiread le haghaidh daoine fásta a bhíonn ag freastal ar ionaid oideachais nó ar choláistí oideachais tríú leibhéal i gcás ina bhfuil a socruithe féin i bhfeidhm ag na hinstitiúidí sin chun freastal ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Ba cheart iarratais ó scoileanna aitheanta faoin scéim seo a dhéanamh leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) mar atá leagtha amach i Roinn 9 den Chiorclán seo.

Déanfar iarratais ar thacaíocht CRS a bhreithniú faoin scéim seo i gcás ina bhfuil sé leagtha amach i dtuairisc liachta nó i dtuairisc ghairmiúil ábhartha eile go bhfuil riachtanais chúraim shuntasacha ag dalta de bharr na nithe seo a leanas:

(i) riachtanas liachta suntasach, nó
(ii) lagú suntasach ar fheidhmiú fisiceach nó céadfach.

Tugtar sonraí i Roinn 7 den Chiorclán ar an ról a bhíonn ag tuairiscí agus ag measúnachtaí liachta agus gairmiúla ábhartha eile chun cabhrú le riachtanais chúraim leanaí a shainaithint agus chun an próiseas leithdháilte a threorú.

Leagtar amach i Roinn 8 den Chiorclán seo na cúinsí faoinar féidir tacaíocht CRS a leithdháileadh chun freastal ar riachtanais chúraim daltaí arb é Neamhord Iompraíochta Mothúchánaí nó Dian-Neamhord Iompraíochta Mothúchánaí aicme a míchumais, nó i gcás ina mbaineann na riachtanais chúraim shonraithe le suaitheadh iompraíochta nó le riachtanais chúraim a bhaineann le hiompraíocht.

## 4. Riachtanais Chúraim

Tá cúram agus aire de dhíth ar gach dalta ar scoil. Is fíor sin go háirithe i gcás leanaí óga agus i gcás naíonán. Tá an fhreagracht ar gach aon scoil foráil a dhéanamh do chúram agus d'fholláine an uile dhalta atá ag freastal ar an scoil lena n-áirítear leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

**Níor cheart glacadh leis go bhfuil rochtain ar thacaíocht CRS de dhíth ar na daltaí ar fad a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu nó a bhfuil diagnóis déanta go bhfuil siad faoi mhíchumas.**

**Níor cheart glacadh leis ach an oiread go bhfuil leithdháileadh tacaíochta CRS aosach riachtanach chun go bhfreastalódh daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ar an scoil.**

**Is é cuspóir scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta freastal ar na riachtanais chúraim shuntasacha bhreise a d'fhéadfadh a bheith ag roinnt daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.**

Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go leagtar amach céard atá i gceist le riachtanais chúraim shuntasacha faoi théarmaí na scéime seo, agus cé hiad na riachtanais chúraim a bheidh incháilithe ar thacaíocht CRS faoin scéim go hiondúil.

Ní mór go mbeadh míchumas measúnaithe ar leanbh chun go mbeadh sé nó sí incháilithe ar rochtain ar thacaíocht CRS. Ní mór go mbeadh na riachtanais chúraim arna lua chomh tromchúiseach sin nach bhféadfaí a bheith ag súil go ndéanfadh an múinteoir ranga, múinteoir acmhainne, nó múinteoirí eile sa scoil freastal orthu ar an ngnáthbhealach, nó go mbeadh na riachtanais chúraim thar an leibhéal cabhrach a d'fhéadfadh na daltaí eile sa scoil tabhairt don dalta i gceist. Ina theannta sin, ní mór go mbeadh na riachtanais chúraim thar na riachtanais a bhféadfadh freastal orthu de ghnáth trí chuir chuige thacaíochta mhalartacha nó tríd an seomra ranga, na cuir chuige theagaisc, agus/nó teicneolaíocht oiriúnaitheach nó trealamh speisialaithe a mhionathrú ar bhealach éigin.

D'fhéadfaí go mbeadh cineálacha éagsúla cúraim shuntasaigh de dhíth ar dhaltaí, ag brath ar nádúr nó ar leibhéal an mhíchumais nó an lagaithe chéadfaigh atá ar leanbh. Mar gheall ar an éagsúlacht mhór riochtaí míochaine a d'fhéadfadh a bheith ar leanaí, ní féidir liosta a thabhairt anseo de na riachtanais chúraim ar fad a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

**I measc na samplaí, áfach, de na riachtanais chúraim phríomhúil a nglacfaí leo mar riachtanais shuntasacha – agus a bhféadfadh tacaíocht CRS ag bheith ag teastáil uathu tá:**

- **Cúnamh le beathú:** sa chás go dteastaíonn cúnamh duine fásta ó pháiste faoi riachtanais speisialta agus sa chás go gcuirfeadh an cineál cúnaimh atá ag teastáil isteach, an iomarca, ar ghnáth-am teagaisc

- **Riar cógas:** sa chás go dteastaíonn cúnamh ó dhuine fásta ó pháiste chun cógas a riar agus sa chás go gcuirfeadh an cineál cúnaimh atá ag teastáil isteach, an iomarca, ar ghnáth-am teagaisc

- **Cúnamh le húsáid leithris agus sláinteachas ginearálta: (cataitéarú san áireamh)** sa chás nach féidir le páiste faoi riachtanais speisialta an leithreas a úsáid go neamhspleách, agus go dtí go mbeidh an páiste in ann an leithreas a úsáid go neamhspleách

- **Cúnamh le soghluaisteacht agus treoshuíomh:** go leanúnach lena n-áirítear cúnamh a thabhairt do pháiste nó do pháistí rochtain a fháil ar an scoil, an seomra ranga, iompar scoile (sa chás gur ann dá leithéid, ba chóir do Choimhdirí Bus scoile, ar an gcéad ásc, cúnamh a thabhairt do pháiste rochtain a fháil ar iompar scoile), nó cabhrú le páiste guaiseacha sa scoil nó mórthimpeall na scoile a sheachaint. (Ba chóir don scoil gach iarracht a dhéanamh deiseanna chun neamhspleáchas a spreagadh a sholáthar e.g. a chinntiú nach bhfuil guaiseacha ar bith mórthimpeall.)

- **Cúnamh a thabhairt do mhúinteoirí le maoirseacht sa rang, clós súgartha agus tailte scoile**: le linn áineasa, tionóil, agus amanna scaipthe lena n-áirítear cúnamh ar shroicheadh agus ar fhágáil na scoile do dhaltaí faoi riachtanais speisialta sa chás go bhfuil cás stuama déanta ag an scoil nach féidir a leithéid de mhaoirseacht a éascú agus úsáid á baint as na hacmhainní teagaisc reatha

- **Riachtanais chúraim neamh-altranais a bhaineann le sainriochtaí míochaine**: taomanna titimis rialta nó daltaí a bhfuil sláinte íogair acu mar shampla.

- **Riachtanais chúraim a dteastaíonn idirghabhálacha rialta uatha lena n-áirítear dalta a thógáil amach as seomra ranga nuair is gá**: D'fhéadfadh go mbeadh gá lena leithéid mar gheall ar chúiseanna sábháilteachta nó cúraim phearsanta, nó sa chás go mbeadh ar pháiste an rang a fhágáil go rialta mar gheall ar chúiseanna míochaine nó ciapadh.

- **Cúnamh le páistí a bhogadh agus a iompar, agus oibriú ardaitheoirí agus trealamh.**

- **Cúnamh le géardheacrachtaí cumarsáide** lena n-áirítear rochtain churaclaim a chumasú do dhaltaí atá faoi mhíchumas fisiceach nó a bhfuil riachtanais chéadfacha acu (Féach ar roinn 9 freisin) agus daltaí a bhfuil deacrachtaí suntasacha agus aitheanta sóisialta agus mothúchánacha acu. Faoi threoir an mhúinteora, d'fhéadfadh go mbeadh cúnamh le trealamh teicneolaíocht oiriúnaitheach, clóscríobh nó lámhscríbhneoireacht i gceist, faoi threoir an mhúinteora, tacú le haistriú, cúnamh a thabhairt le maoirseacht ag áineas, amanna scaipthe etc.

Is ionann na tascanna thuasluaite agus tascanna tacaíochta an chúraim phríomhúil a mbeidh tacaíocht CRS á soláthar dóibh go hiondúil.

Is ionann na tascanna seo a leanas agus an cineál **tascanna gaolmhara cúraim thánaistigh** a bheidh á gcur i gcrích ag CRSanna go rialta, nuair a bheidh a leithéid leithdháilte bunaithe ar na tascanna

tacaíochta cúraim phríomhúil thuasluaite. Níl an liosta táscach de na tascanna tánaisteacha gaolmhara thíosluaite, críochnaitheach, agus tá sé ag teacht leis na tascanna a bhfuil cur síos déanta orthu i gCiorclán 08/02 agus i gCiorclán 71/2011.

D'fhéadfaí na tascanna tacaíochta gaolmhara seo a leanas a chur i gcrích, ach ní gá gurb ionann iad astu féin, agus cúis chun tacaíocht CRS a leithdháileadh de ghnáth:

- Spásanna oibre agus seomraí ranga a ullmhú agus a shlachtú nó cúnamh a thabhairt do pháiste nach bhfuil in ann go fisiciúil a leithéid de thascanna chun spás oibre a ullmhú agus a shlachtú a dhéanamh, ábhair a chur i láthair, obair a thaispeáint, nó aistriú ó ghníomhaíocht ceacht amháin go gníomhaíocht ceacht eile. Cúnamh a thabhairt le hábhair a ghlanadh.

- Cúnamh a thabhairt le Pleananna Pearsanta Daltaí do pháistí faoi riachtanais speisialta oideachais, agus béim ar leith á leagan ar phlean cúraim a fhorbairt d'fhonn freastal ar riachtanais chúraim an dalta i gceist agus athbhreithniú a dhéanamh ar a leithéid sin de phleananna.

- Cúnamh a thabhairt do mhúinteoirí agus/nó don Phríomhoide chun dialann nó córas monatóireachta cúraim do dhaltaí a chothabháil lena n-áirítear sonraí maidir le tinreamh agus riachtanais chúraim. Cúnamh a thabhairt le comhaid agus le hábhair scoile a bhaineann le cúram agus le cúnamh a theastaíonn ó dhaltaí faoi riachtanais speisialta sa seomra ranga a ullmhú.

- Pleanáil a dhéanamh do ghníomhaíochtaí agus do ranganna a bhféadfadh gá a bheith le riachtanais chúraim bhreise i ndáil le gníomhaíochtaí ar leith, teagmháil le múinteoir ranga agus múinteoirí eile cosúil leis an múinteoir acmhainne agus príomhoide scoile, freastal ar chruinnithe le tuismitheoirí, SENO, Síceolaithe NEPS, nó cruinnithe foirne scoile le comhaontú agus treoir an mhúinteora ranga/an phríomhoide

- Cúnamh a thabhairt le rochtain dalta ar chláir theiripe nó shíocoideachais cosúil le ranganna láimhseála feirge nó scileanna sóisialta, faoi threoir pearsanra cáilithe[1], múinteoirí ranga nó múinteoirí tacaíochta san áireamh.

- Cúnamh a thabhairt le freastal ar nó le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil: siúlóidí, nó cuairteanna, sa chás nach féidir le foireann teagaisc a leithéid de chúnamh a thabhairt.

[1] Is minic go soláthraíonn gairmithe míochaine FSS idirghabhálacha teiripe cosúil le seirbhísí urlabhra agus teanga agus fisiteiripe do dhaltaí a dteastaíonn a leithéid de theiripe uathu i scoileanna.

Is é an ról atá le comhlíonadh ag an CRS tacú le riachtanais chúraim páiste. Dá réir sin, cé go n-oireann sé do CRSanna tacú le daltaí rochtain a fháil ar theiripe i scoileanna nó cabhrú le teiripeoir tacaíocht a sholáthar do pháiste nó an páiste a chabhrú tascanna teiripe a dhéanamh mar a threoraíonn teiripeoir, níl sé oiriúnach go mbeifí ag súil go mbeadh CRS freagrach as bainistiú nó soláthar seirbhísí teiripe bunaithe ar an tacar scileanna áirithe a theastaíonn chun idirghabhálacha teiripeacha a sheachadadh. Dá réir sin, ní cúis ann féin é seachadadh teiripí do leithdháileadh post CRS ná ní féidir tairbhe a bhaint as soláthar tacaíocht CRS chun easpa soláthar teiripe ó phearsanra cáilithe a chúiteamh.

## 5. Ról an Mhúinteora Ranga agus Múinteoirí Acmhainne/Múinteoirí Tacaíochta Foghlama agus Ról an CRS i dtacú leis na múinteoirí sin

D'fhéadfadh riachtanais chasta foghlama a bheith ag dalta faoi riachtanais speisialta oideachais agus ba chóir go mbeadh siad á dteagasc ag múinteoirí cáilithe a bhfuil taithí acu mar aon leis na scileanna cuí chun riachtanais na ndaltaí seo a chomhlíonadh.

Earcaítear CRSanna go sonrach chun cúnamh a thabhairt i gcomhthéacs oideachais le riachtanais chúraim daltaí faoi mhíchumas. Dá réir sin, níl ról teagaisc/oideolaíoch ag CRSanna agus ní bheadh sé oiriúnach dá mbeadh daltaí faoi riachtanais speisialta á dteagasc ag pearsanra neamhcháilithe.

Sonraítear príomhaíocht an mhúinteora in oideachas agus i bhforbairt phearsanta dalta i scoileanna in Alt 22 (1) d'Acht Oideachais 1998. Tá an múinteoir ranga freagrach as oideachas a chur ar gach dalta ina rang, aon dalta faoi riachtanas speisialta oideachais san áireamh. Is ar an múinteoir ranga atá an phríomhfhreagracht as dul chun cinn agus cúram gach dalta ina rang, aon dalta faoi riachtanas speisialta oideachais san áireamh.

Is ar an múinteoir ranga atá an fhreagracht a chinntiú go ndéantar gach dalta a theagasc i dtimpeallacht seomra ranga atá spreagthach agus tacúil, timpeallacht ina mothaíonn gach dalta mar an gcéanna agus chomh tábhachtach lena chéile. Beidh rochtain ag an múinteoir ar an bhfaisnéis ar dócha a bheidh ábhartha do theagasc nó do mhaoirseacht dalta faoi riachtanais speisialta oideachais. Tá ról lárnach ag an múinteoir ranga in aithint agus i bhfreagairt do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu. Tacófar le agus bunófar na freagairtí seo trí chomhoibriú le comhghleacaithe, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daoine eile cosúil le síceolaí NEPS na scoile agus an SENO áitiúil.

Chomh maith leis sin, déanfaidh an múinteoir ranga oiriúntas sonrach do dhalta sa rang mar thoradh ar imní a bheith air/uirthi maidir le dul chun cinn, dúthracht, cumarsáid, iompraíocht nó idirghníomhaíocht le piaraí.

Nuair a bhíonn rochtain ag dalta faoi riachtanais shuntasacha agus chasta cúraim ar thacaíocht ó CRS, oibreoidh an múinteoir ranga i ndlúthpháirt leis an CRS. Leanann an múinteoir ranga, áfach, le príomhfhreagracht a ghlacadh as teagasc agus as foghlaim agus as forbairt agus dul chun cinn sóisialta agus mothúchánach an dalta.

Ainneoin gur féidir leis an CRS cúnamh úsáideach a sholáthar don mhúinteoir i ndáil lena chinntiú go bhfuil an dalta in ann rochtain a fháil ar oideachas, ní hé ról an CRS teagasc breise a sholáthar, de bhrí gurb é sin an ról atá ag múinteoirí cáilithe tacaíochta foghlama/acmhainne ar féidir leo cúnamh a thabhairt don mhúinteoir chun teagasc breise a sholáthar do dhaltaí faoi riachtanais speisialta oideachais.

## Tacaíocht Bhreise Teagaisc

Teastaíonn tacaíocht bhreise teagaisc óna lán páistí atá faoi riachtanais speisialta oideachais[2]. In imthosca mar sin tacóidh an múinteoir acmhainne / múinteoir tacaíochta foghlama, ar múinteoirí

[2] Soláthraítear rochtain ar theagasc acmhainne/tacaíocht foghlama do scoileanna faoin tSamhail Ghinearálta Leithdháilte nó trí uaireanta breise teagasc acmhainne leithdháilte do scoileanna i ndáil le daltaí aonair ar aon dul leis na critéir atá sonraithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Sonraítear sna critéir an leibhéal nó líon uaireanta breise atá le soláthar do dhaltaí de réir na gcatagóirí nó an chineáil riachtanas a bhfuil measúnú déanta orthu ina leith. Is iad SENOanna ó NCSE atá freagrach as an leithdháileadh.

lánch– áilithe iad, a mbeidh rochtain acu ar bhreis oiliúna i réimse an oideachais speisialta, agus oibreoidh siad i ndlúthpháirt leis an múinteoir ranga chun tacaíocht bhreise teagaisc a sholáthar do pháistí faoi riachtanais speisialta oideachais (SEN).

Déanfaidh an múinteoir ranga agus an múinteoir tacaíochta acmhainne/foghlama machnamh ar na bealaí inar féidir an curaclam a dhifreálú nó a oiriúnú chun freastal ar riachtanais daltaí aonair ionas gur féidir leo an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as na huaireanta breise teagaisc. San áireamh anseo freisin d'fhéadfadh go mbeadh na straitéisí teagaisc is oiriúnú a aithint, mar aon le cláir chun riachtanais an pháiste a chomhlíonadh. Is iondúil go dtéitear i gcomhairle le tuismitheoirí mar chuid den phróiseas seo.

Is féidir tacaíocht acmhainne/foghlama a sholáthar ar bhealaí éagsúla. D'fhéadfadh an múinteoir tacaíochta páirt a ghlacadh i dteagasc foirne trí bheith ag obair sa seomra ranga leis an múinteoir ranga nó d'fhéadfadh an múinteoir tacaíochta daltaí a theagasc i ngrúpaí beaga lasmuigh den seomra ranga agus/nó daltaí a theagasc leo féin ar feadh tréimhse ama (ag brath ar nádúr riachtanais na ndaltaí) do dhianteagasc príomhscileanna.

Ainneoin gur féidir leis an CRS cúnamh a thabhairt le seachadadh an teagaisc ranga agus an teagaisc bhreise a chinntiú, ní hionann an CRS agus an duine atá ainmnithe chun an teagasc nó an treoir seo a sheachadadh.

## 6. Ról tuairiscí Míochaine agus tuairiscí gairmithe eile/Moltaí Gairmithe Míochaine agus Gairmithe eile

Soláthraítear Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS) go sonrach le cabhrú le scoileanna freastal ar dhaltaí faoi mhíchumas a bhfuil riachtanais bhreise agus shuntasacha cúraim acu, i gcomhthéacs oideachais agus sa chás go bhfuil nádúr na riachtanas cúram seo luaite i dtuairiscí míochaine agus i dtuairiscí gairmithe eile mar riachtanais chomh suntasach sin go mbeidh cúnamh breise ó dhuine fásta ag teastáil ó dhalta chun freastal ar scoil agus páirt a ghlacadh sa chóras oideachais.

Dá réir sin, tá ról tábhachtach ag tuairiscí agus measúnachtaí gairmiúla sa phróiseas leithdháilte CRS.

**Is é NCSE atá freagrach, de réir bheartas DES, as cinneadh a dhéanamh maidir le candam na dtacaíochtaí agus acmhainní oideachais atá le leithdháileadh ar scoileanna, nó daltaí aonair.**

Is cuid lárnach de chinneadh a dhéanamh maidir leis na tacaíochtaí atá le soláthar do dhaltaí faoi riachtanais speisialta oideachais na tuairiscí gairmiúla a mheas. Ach ainneoin gurb ionann tuairiscí sláinte agus cúnamh luachmhar do sholáthraithe oideachais i ndáil le diagnóis a aithint nó idirghabhálacha cuí a aithint, tá treoir tugtha ag FSS d'fhoirne sláinte gan tagairtí don chandam sonrach acmhainní oideachais ina dtuairiscí, ach gur chóir dóibh toradh na measúnachtaí a rinneadh agus raon riachtanas an pháiste a shonrú ar bhealach chomh soiléir agus is féidir.

Is ann don nós seo mar ainneoin go bhféadfadh treoir a bheith le fáil i dtuairisc míochaine nó tuairisc gairmí cuí maidir leis na riachtanais a d'fhéadfadh a bheith ag páiste, ní bheidh eolas ná tuiscint ag an ngairmí Sláinte ar na hacmhainní atá ar fáil do scoil le freastal ar na riachtanais chúraim seo, ach oiread le leagan amach na scoile, ná ní bheidh deis ag an ngairmí Sláinte breathnóireacht a dhéanamh ar an bpáiste sa rang nó breathnóireacht a dhéanamh ar a n-idirghníomhaíocht lena múinteoirí nó lena gcomhghleacaithe ranga ar bhonn leanúnach.

Is é ról NCSE iarratais ar thacaíocht CRS ó scoileanna a phróiseáil, agus minicíocht agus méid na riachtanas cúram mar atá luaite sa tuairisc ghairmiúil a chur san áireamh, mar aon leis an tslí a dtagann a leithéid chun solais i dtimpeallacht scoile agus chuige seo, an fhianaise is féidir leis an scoil a sholáthar d'fhonn tacú leis an iarratas. Chomh maith leis sin, féadfaidh NCSE dul i gcomhairle le gairmithe eile e.g. NEPS agus léithdháilfear leibhéal tacaíochta CRS do scoil d'fhonn a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ag an scoil le freastal ar riachtanais shuntasacha cúraim na bpáistí cuí atá cláraithe sa scoil a bhfuil sé tugtha le fios riachtanas cúraim a bheith acu.

**Dá réir sin, go ginearálta, táthar ag súil go mbeidh gach dalta a mbíonn a gcéad eispéireas scoile acu cláraithe agus go mbeidh gach dalta tosaithe ag freastal ar scoil sula ndéanfar iarratas ar bith ar thacaíocht.**

## 7. Tacaíocht CRS do Dhaltaí faoi Riachtanais Chúraim bainteach le hIompraíocht

Aimsíodh mar chuid d'Athbhreithniú Luach ar Airgead agus d'Athbhreithniú Beartais scéim CRS ina lán cásanna go raibh CRSanna in úsáid contrártha le cuspóir beartaithe na scéime, chun iompraíocht daltaí a smachtú nó a bhainistiú seachas idirghabhálacha cuí a sholáthar do dhaltaí ar scoil trí phleanáil aonair, straitéisí bainistíochta daltaí na scoile uile (lena n-áirítear gaol deimhneach idir agus i measc na foirne agus na ndaltaí), agus cláir bhreise shíocoideachais (cosúil le ranganna láimhseála feirge nó scileanna sóisialta) agus idirghabhálacha síciatracha/míochaine, nuair is gá.

Ní mór, ar an gcéad dul síos, go mbeadh a múinteoirí ranga, comhaltaí foirne scoile eile, agus beartais scoile uile ag tacú le daltaí faoi iompraíocht dhúshlánach i ndáil le hiompraíocht i scoileanna a bhainistiú. Is ar an múinteoir ranga atá an fhreagracht maidir le dul chun cinn daltaí a bhfuil deacrachtaí iompraíochta acu. Ba chóir go mbeadh an bhéim á leagan sa chomhthéacs scoile ar fhorbairt idirghabhálacha atá comhordaithe go maith d'fhonn freagairt do riachtanais aitheanta an pháiste. Ba chóir go mbeadh soláthar na dtacaíochtaí cuí teagaisc agus sláinte, mar atá riachtanach, mar bhonn le hiompraíocht feabhsaithe, arb é a bheidh mar thoradh air torthaí feabhsaithe oideachais do pháistí a bhfuil Neamhord Iompraíochta Mothúchánach (EBD) nó Neamhord Iompraíochta Mothúchánach Trom (SEBD) orthu.

**Maidir le páistí a bhfuil deacrachtaí iompraíochta acu nó a ndearnadh diagnóis fúthu go bhfuil deacrachtaí iompraíochta nó mothúchánacha acu, níor cheart glacadh leis má tá suaitheadh iompair mothúchánach ag cur as dóibh gur gá dóibh go léir tacaíocht a bheith acu ó chúntóir riachtanas speisialta nó go bhfuil an idirghabháil sin oiriúnach i ngach cás.**

Tá réimse treoirlínte ar fáil le tacú le scoileanna freastal a dhéanamh ar riachtanais leanaí a bhfuil deacrachtaí iompraíochta, mhothúchánacha agus sóisialta acu. Ina measc siúd, tá:

- Deacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Sóisialta (BESD) - Treoirlínte faoi Chontanam Tacaíochta www.education.gov.ie
- Treoracha Faisnéise na Roinne Oideachais agus Eolaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna maidir le Tacú le Daltaí a bhfuil Deacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Sóisialta acu www.education.gov.ie/
- Treoirlínte maidir le Cóid Iompair a Fhorbairt do Scoileanna www.newb.ie

Léiríonn na Treoracha Faisnéise thuas gur féidir deacrachtaí iompraíochta, mhothúchánacha agus shóisialta tarlú ar chontanam a shíneann ó deacrachtaí éadroma, neamhbhuana go deacrachtaí

suntasacha, leanúnacha. Dá bhrí sin ba cheart freagraí a thabhairt ar bhealach incriminteach, ó idirghabhálacha sa seomra ranga go hidirghabhálacha níos déine ar bhonn aonraic. Féadfar na hidirghabhálacha a chur in oiriúint do riachtanais na ndaltaí aonair agus iad a chur i bhfeidhm ag am agus ar luas a bhraithfidh ar leibhéal na riachtanas agus ar nádúr na bhfadhbanna a thugtar faoi ndeara.

**Níor cheart smaoineamh ar dtús mar sin gur gá cúntóir riachtanas speisialta a fháil chun iompar a bhainistiú. Níor cheart tacaíocht ó chúntóir riachtanas speisialta a chur ar fáil ach amháin más léir nár éirigh le straitéisí bainistíochta iompraíochta go dtí sin agus go bhfuil sé léirithe conas a bhféadfadh an tacaíocht sin cuidiú le pleanáil leanúnach agus idirghabháil leis leanbh.**

Dá bhrí sin níor cheart tacaíocht ó chúntóir riachtanas speisialta a sholáthar in áit an ghnáthchórais um bainistiú iompair agus an chleachtais smachta a éilítear ar scoil a chur i bhfeidhm.

I gcás ina n-aithnítear i dtuairisc ghairmiúil go bhfuil riachtanais chúraim ann a bhaineann le hiompar, ní dhéanfar éileamh ar chúnamh ó chúntóir riachtanas speisialta a mheas ach amháin tar éis don scoil a thabhairt le fios na straitéisí sonracha a úsáideadh chun an t-iompar a bhainistiú agus deacrachtaí an dalta a íoslaghdú i gcomhréir leis an gcur chuige céimnithe atá molta sna treoirlínte ina moltar go gcuirfí roinnt bearta nó idirghabhálacha i bhfeidhm ag céimeanna difriúla; [3]

**(1)Tacaíocht Ranga** nuair thugann múinteoir faoi ndeara ar dtús go bhfuil dalta ag léiriú deacrachtaí suntasacha iompraíochta, mhothúchánacha agus shóisialta;

**(2)Tacaíocht Scoile** ina mbailítear faisnéis faoi iompar an dalta ar bhealach níos córasaí mar aon le plean tacaíochta a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh air (i gcomhar leis an múinteoir tacaíochta foghlama nó acmhainne, leis an bpríomhoide) agus ar deireadh;

**(3)Tacaíocht Scoile Móide Tacaíocht Aonair** trína dtugtar dianfhreagra aonair ar na daltaí sin a bhfuil riachtanais níos déine nó níos leanúnaí acu agus bíonn idirchaidreamh le heagrais seachtracha agus le gairmithe seachtracha i gceist go minic.

Tá tuilleadh treoracha faoi na cineálacha tacaíochta ar féidir a chur ar fáil sa seomra ranga agus sa scoil le fáil i dTreoracha Faisnéise na Roinne Oideachais agus Eolaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna maidir le Tacú le Daltaí a bhfuil Deacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Sóisialta acu. Is féidir iad a fháil ag www.education.gov.ie/

Is féidir le scoileanna comhairle a lorg freisin ó síceolaí áitiúil de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) faoi conas is fearr tacaíocht a sholáthar sna scoileanna do pháistí a bhfuil riachtanais iompraíochta acu. Tacaíonn an tSeirbhís le scoileanna freagraí na scoile uile a fhorbairt, lena n-áirítear idirghabhálacha sonracha do ghrúpaí leanaí agus do dhaltaí aonair a bhfuil deacrachtaí iompraíochta, mothúchánacha agus shóisialta acu. Cuireann Eagraithe um Riachtanais Speisialta Oideachais comhairle ar fáil maidir le soláthar Cúntóirí Riachtanas Speisialta agus maidir le tacaíocht a thabhairt chun riachtanais chúraim daltaí a shásamh. Is féidir leis an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta tuilleadh cúnaimh a chur ar fáil do scoileanna freisin trí bhíthin na Seirbhíse Náisiúnta um Thacaíocht Iompraíochta (NBSS) d'iarbhunscoileanna. Is féidir dul i

[3] Is mar seo a leanas a thagraítear don trí chéim measúnaithe agus idirghabhála ar an dara leibhéal: 1. Tacaíocht do Chách (Cur Chuige na Scoile uile/ an tseomra ranga / Tacaíocht maidir le hÁbhar faoi leith: 2. Tacaíochta Scoile (do Roinnt Daltaí) cur chuige do Daltaí Aonair agus/nó Ghrúpaí; 3.Tacaíocht Scoile Móide Tacaíocht Aonair (le haghaidh Roinnt Daltaí).

dteagmháil leo trí Ionad Tacaíochta Oideachais na hUaimhe chun comhairle a fháil ar iompar dearfach agus foghlaim dearfach ar fud na scoile.

**Sa chás go ndéantar diagnóis go bhfuil Deacrachtaí Iompraíochta/Mothúchánacha (EBD) nó Deacrachtaí Sóisialta, Mothúchánacha agus Iompraíochta (SEBD) i gceist, nó go ndéantar diagnóis go bhfuil neamhord iompraíochta mar aon le catagóir mhíchumais eile i gceist, ní chuirfear tacaíocht ó chúntóir riachtanas speisialta ar fáil ach amháin i gcásanna:**

- **ina bhfuil sé soiléir go ndearnadh iarracht idirghabhálacha a dhéanamh sa scoil ach go bhfuil teipthe orthu go dtí sin (agus go bhfuil sé sin cruthaithe sna pleananna agus sna hathbhreithnithe oideachais agus iompraíochta).**
- **ina bhfuil cruthúnas soiléir doiciméadach ann ar iompar foréigneach, ionsaí, nó féindochar, nó saincheisteanna sábháilteachta eile lena n-áirítear fágáil áitreabh na scoile gan cead.**
- **inar bhfuil sé soiléir ó iompar an linbh nach féidir é nó í a mhúineadh i seomra ranga gan tacaíocht bhreise ó chúntóir fásta ar bhonn sealadach.**
- **ina leagann an scoil amach go soiléir an chaoi a thacóidh cúntóir riachtanas speisialta le pleanáil oideachais agus iompraíochta.**

Ní cheadófar tacaíocht ó chúntóir riachtanas speisialta ach amháin le haghaidh riachtanais chúraim iompraíochta sna himthosca a shonraítear thuas. I gcás ina ndéantar iarratas nua chun tacaíocht a fháil ó chúntóir riachtanas speisialta agus má tá sé aitheanta i dtuairisc ghairmiúil go mbaineann na riachtanais chúraim le cúrsaí iompair, ní bheidh sé indéanta de ghnáth an t-iarratas ar thacaíocht cúntóra riachtanas speisialta a mheas go dtí go mbeidh measúnacht shoiléir déanta ar riachtanais an pháiste sa seomra ranga agus i gcomhthéacsanna eile scoile.

**Beidh ar scoileanna a thaispeáint freisin cad iad na idirghabhálacha atá déanta acu, lena n-áirítear na straitéisí sonracha atácurtha i bhfeidhm acu chun deacrachtaí an dalta a íoslaghdú agus iompar níos oiriúnaithí a chur chun cinn.**

**Nuair a bhaineann iarratas le bainistíocht iompair dhalta, caithfear fianaise shoiléir a sholáthar go ndearna an scoil iarrachtaí leanúnacha agus nár éirigh leo go dtí sin feabhas a chur an iompraíocht den chineál sin atá doiciméadaithe.**

**I gcás ina ndeonaítear thacaíocht ó chúntóir riachtanas speisialta is é nó í an múinteoir ranga (le cabhair ó mhúinteoir tacaíochta foghlama nó ó mhúinteoir acmhainne) a bheidh freagrach as an dul chun cinn foriomlán agus níor cheart an páiste a chur amach ar feadh tréimhsí fada ón seomra ranga.**

Nuair a cheadaítear tacaíocht ó chúntóir riachtanas speisialta le cabhrú le riachtanais chúraim a bhaineann le iompraíocht is é an ról a bhíonn ag an gcúntóir ná cabhrú leis an múinteoir freastal ar riachtanais chúraim an linbh trí:

- an dalta féin agus na daoine a bhfuil an dalta i dteagmháil leo a choinneáil slán
- cabhrú lena chinntiú go gcuirfear cosc le hiompar féindíobhálach nó scriosach
- dea-iompar an linbh a threisiú agus gníomhú mar eiseamláir dearfach ag an leanbh
- cabhrú chun sonraí maidir le hiompar agus forbairt iompraíochta an dalta a thaifeadadh

Faoi mar atá leagtha amach i gcuid 15 thíos, ba cheart gach taca breise a sholáthraítear le cabhrú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a bheith nasctha le próisis phleanála phearsanta do na daltaí sin dá bhfuil an t-iarratas á dhéanamh.

Tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil plean soiléir i bhfeidhm ag an scoil maidir leis an gcaoi a bhainfear leas as an gcúntóir riachtanas speisialta atá á chur ar fáil chun cabhrú le deacrachtaí iompraíochta agus a insint cé chomh fada a mheastar a mbeidh an cúntóir riachtanach. Ba cheart a léiriú sa phlean freisin conas a bhfuil sé ar intinn ag an scoil féachaint chuige go laghdófar an gá atá le cúntóir riachtanas speisialta a bheith ar fáil agus más féidir go gcuirfear deireadh leis an ngá sin laistigh de thréimhse réasúnta ama agus go mbeadh spriocanna ama san áireamh ann maidir le scileanna neamhspleáchais a fhorbairt agus chun laghdú a dhéanamh ar deacrachtaí iompraíochta.

Níor cheart a cheapadh gur réiteach buan é tacaíocht a fháil ó chúntóir riachtanas speisialta maidir le fadhbanna iompraíochta, ach gur tacaíocht cúnta atá ann chun iarracht a dhéanamh feabhas a chur chúrsaí iompraíochta agus iad a choigeartú ar bhealach bainistithe thar thréimhse ama.

**Dá bhrí sin, ceapfar teorainneacha ama maidir leis an tacaíocht a sholáthróidh cúntóir riachtanas speisialta. Cuirfear an tacaíocht sin ar fáil ar dtús ar feadh tréimhse trí bliana ar a mhéid, faoi réir athbhreithnithe bhliantúil, agus déanfar athmheasúnú iomlán ar riachtanais chúraim an linbh roimh dheireadh na tréimhse sin.**

## 8. Tacaíocht ó Chúntóir Riachtanas Speisialta do Leanaí a bhfuil Lagú Amhairc agus Éisteachta ag Cur as Dóibh

Bíonn riachtanais chúraim ar leith ag páistí a bhfuil lagú géar céadfach ag cur as dóibh, mar shampla lagú amhairc nó éisteachta. Ní riachtanais iad sin a bhaineann le cúrsaí teagaisc, ach bíonn tacaíocht ó chúntóir riachtanas speisialta riachtanach dóibh chun go mbeidh siad in ann freastal ar scoil agus an curaclam a leanúint.

Maidir le daltaí a bhfuil lagú éisteachta ag cur as dóibh agus a dhéanann cumarsáid trí theanga chomharthaíochta is féidir le baill foirne tacaíochta cabhrú leo idirghníomhú lena bpiaraí agus an curaclam a leanúint. Féadfaidh siad cúnamh a thabhairt freisin chun trealamh teicneolaíochta éisteolaíochta agus cúnta a ullmhú agus aire a thabhairt dó.

I gcás daltaí a bhfuil lagú amhairc ag cur as dóibh fhéadfadh baill foirne tacaíochta cabhrú maidir le hullmhú na n-ábhar Braille, grafaicí beartaíochta, trealamh teicneolaíochta cúnta, ábhair chunta i gcló mór agus cabhrú freisin maidir le soghluaisteacht na ndaltaí agus a mhíniú dóibh cén áit a gcaithfidh siad dul i rith an lae scoile.

Féadfaidh siad cabhrú freisin lena chinntiú nach bhfulaingíonn daltaí den sórt sin eisiamh ná aonarú sóisialta toisc nach féidir leo cumarsáid a bheith acu le baill foirne agus lena bpiaraí.

Tá cur síos i gCiorclán 0071/2011 ar théarmaí agus coinníollacha fostaíochta na gcúntóirí riachtanas speisialta, agus déantar athdhearbhú ar an ról atá acu in Éirinn lena chinntiú go gcuimsíonn sé na dualgais riachtanacha sin a bhíonn orthu a dhéanamh le tacú le riachtanais daltaí bodhra agus daltaí a bhfuil lagú éisteachta ag cur as dóibh.

Chomh maith leis na riachtanais ó thaobh cúraim de atá sonraithe i Roinn 4 den Imlitir seo tá riachtanais tacaíochta bhreise ag leanaí a bhfuil lagú éisteachta ag cur as dóibh lena n-áirítear

tacaíocht maidir le húsáid na Teanga Chomharthaíochta d'fhonn cabhrú leo maidir le cumarsáid agus sóisialú.

- **Dá bhrí sin, ba cheart do scoileanna a chinntiú i gcás na gcúntóirí riachtanas speisialta a bhíonn ag obair le leanaí bodhra nó le leanaí a bhfuil lagú éisteachta ag cur as dóibh, go bhfuil na scileanna riachtanacha acu, lena n-áirítear cumas Teanga Chomharthaíochta a úsáid nuair is gá, chun go mbeidh siad in ann tacú leis na riachtanais faoi leith atá ag na daltaí sin.**

- **I gcás inar gá oiliúint a thabhairt d'fhoireann na gcúntóirí riachtanas speisialta atá ann ag an am chun Theanga Chomharthaíochta nó oiliúint speisialtóireachta a sholáthar (Braille, Lámh, Teanga Chomharthaíochta, Idirghabhálacha Méadaithe nó Malartacha) le cuidiú chun tacaíocht a sholáthar do leanaí a bhfuil lagú céadfach ar leith ag baint leo, ba cheart do scoileanna a chinntiú go dtugtar an oiliúint sin do na baill is sinsearaí d'fhoireann na gcúntóirí riachtanas speisialta sa scoil. Moltar é sin chun nach mbeidh ar na daoine a fhaigheann an oiliúint an scoil a fhágáil má dhéantar laghdú san am atá le teacht ar leibhéal na tacaíochta a bheidh á fháil ó chúntóirí riachtanas speisialta.**

## 9. Próiseas Leithdháilte na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)

Tá an NCSE freagrach, trí bhíthin an líonra d'Eagraithe áitiúla um Riachtanais Speisialta Oideachais atá aici, as cúntóirí riachtanas speisialta a cheapadh le haghaidh scoileanna le tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, i gcomhréir le critéir na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, lena n-áirítear an ceanglas chun aird a thabhairt ar an teorainn fhoriomlán atá ar bhaill foirne faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta.

Gné thábhachtach de phróiseas leithdháilte na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta is ea a chinntiú go gcuirtear tacaíocht ó chúntóirí riachtanas speisialta ar fáil gach bliain do scoileanna incháilithe. Eisíonn an Chomhairle Ciorclán do scoileanna gach bliain ag iarraidh orthu iarratais a dhéanamh ar thacaíocht ó chúntóirí riachtanas speisialta i leith na bliana atá ag teacht.

Tar éis breithniú a dhéanamh ar na hiarratais a fhaightear, inseoidh an Chomhairle do na scoileanna an méid tacaíochta a bheidh le fáil acu ó chúntóirí riachtanas speisialta sa scoilbhliain atá ag teacht, ag cur san áireamh líon na n-iarratas bailí ar thacaíocht agus riachtanas measta na leanaí lena mbaineann chun cúram a fháil. Sa chaoi sin is féidir leis na scoileanna a bheith cinnte faoi na hacmhainní a bheidh ar fáil acu sa scoilbhliain atá ag teacht agus cuireann sé ar a gcumas tús a chur le pleanáil scoile chomh luath agus is féidir.

Cé go leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag déanamh meastóireachta ar iarratais le linn na scoilbhliana sna cásanna sin ina bhfuil daltaí nua a bhfuil riachtanais chúraim acu cláraithe ag scoileanna, agus i gcásanna ina ndéantar measúnachtaí nua, agus i gcásanna éigeandála, mar sin féin is trí leithdháileadh in aghaidh na bliana a chuirtear formhór na gcúntóirí riachtanas speisialta ar fáil do scoileanna anois.

Tá mionsonraí iomlána maidir le bpróiseas leithdháilte na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar fáil ar www.ncse.ie nó trí d'Eagraí um Riachtanais Speisialta Oideachais (SENO).

Lena chinntiú go mbíonn an leibhéal is airde trédhearcachta agus cothroime is féidir ar fáil foilsíonn an Chomhairle mionsonraí faoi leithdháileadh na gcúntóirí riachtanas speisialta ar na scoileanna ar a láithreán gréasáin gach bliain. Tá na sonraí ar fáil freisin ag www.ncse.ie.

## 10. Leithdháileadh Méid Áirithe Tacaíochta do Scoileanna

Ní chuirtear CRSanna ar fáil do dhaltaí aonair ach cuirtear ar fáil iad mar acmhainn do na scoileanna, faoi mar a leithdháiltear múinteoirí ar scoileanna.

Leithdháileann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta méid áirithe tacaíochta CRS do gach scoil gach bliain ag féachaint do riachtanais chúraim na leanaí cáilitheacha go léir atá cláraithe sa scoil, agus é sin ar bhonn na riachtanais chúraim a meastar a bheith ag na leanaí go léir lena mbaineann, seachas ar bhunús catagóirí míchumais na daltaí.

**Nuair a thugtar méid áirithe tacaíochta do scoileanna bíonn cead ag na scoileanna féin cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi a bhainisteofar an chabhair sin go solúbtha chun an leas is fearr a bhaint aisti. Cuireann sé ar chumas na scoileanna an tacaíocht a dhíriú ar na daltaí sin is mó a bhfuil sí riachtanach dóibh ag am ar bith, ag cur san áireamh gur féidir athrú teacht le himeacht ama ar an méid cabhrach atá riachtanach do leanbh. Bíonn an scoil in ann an taithí agus an saineolas oideachasúil atá aici a úsáid chun an leibhéal tacaíochta atá curtha ar fáil dóibh a bhainistiú chun freastal ar riachtanais chúraim na leanaí sin a aithnítear í a bheith riachtanach dóibh nuair is gá agus chun thacaíocht CRS a chur ar fáil do gach páiste ar ceadaíodh dóibh tacaíocht a fháil.**

## 11. Tacaíocht CRS a fháil

Ceapadh scéim na CRSanna chun foireann tacaíochta fásta breise a sholáthar do scoileanna le cabhrú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu mar aon le riachtanais shuntasacha breise ó thaobh cúraim de.

Ní ceaptar CRSanna le bheith ina gcúntóirí buana pearsanta ag leanaí faoi leith óir is gá dóibh sin a bheith in ann a scileanna maireachtála neamhspleácha a fhorbairt agus caidreamh neamhspleách a bheith acu lena gcomhdhaltaí. Níl hé a ról ach oiread gníomhú mar mhúinteoir eile do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus ar gá don múinteoir ranga iad a mhúineadh le cabhair bhreise ó mhúinteoir tacaíochta foghlama/ mhúinteoir acmhainne sa scoil.

**Tabharfar tacaíocht CRS do dhaltaí ar leibhéal a bheidh bunaithe ar a riachtanas. B'fhéidir go sásódh tréimhsí gearra i rith an lae riachtanas roinnt daltaí, bheadh níos mó riachtanach do dhaltaí eile agus d'fheadfadh cabhair ar feadh an chuid is mó den lá scoile a bheith ag teastáil i roinnt cásanna.**

Tá líon réasúnta beag leanaí ann a bhfuil tacaíocht chúraim lánaimseartha riachtanach dóibh i rith an lae scoile de bharr cúiseanna míochaine nó céadfacha. Déanfar foráil go gcuirfear cúram ar fáil ar feadh an lae do leanaí den sórt sin agus beidh sé sin le sonrú sa mhéid tacaíochta CRS a leithdháilfear ar an scoil.

Maidir leis an gcuid is mó de na páistí a bhfuil cúram riachtanach dóibh, beidh an chabhair sin uathu ag amanna áirithe den lá scoile mar aon le hidirghabháil uaineach ag pointí áirithe.

Ní bheadh sé éifeachtach ná tairbheach do pháistí dá sannfaí CRS lánaimseartha dóibh ar feadh an lae scoile go léir mura mbeadh an leibhéal tacaíochta sin riachtanach dóibh. D'fhéadfaí acmhainn luachmhar a chur amú ar feadh cuid mhaith den lá scoile sa chaoi sin agus d'fhéadfaí daltaí ar gá dóibh scileanna maireachtála neamhspleácha a fhorbairt agus meascadh go neamhspleách lena gcomhdhaltaí ranga a chosc ó sin a dhéanamh.

Ar an ábhar sin deonaítear tacaíocht CRS do dhaltaí a bhfuil riachtanais chúraim acu, trí bhíthin an mhéid tacaíochta CRS a dheonaítear don scoil agus a léiríonn na riachtanais a aithníodh a bheith ag páistí áirithe nuair a rinneadh measúnacht orthu. Beidh na CRSanna in ann freastal ansin ar riachtanais chúraim na ndaltaí sainithe, de réir mar is gá agus a bhíonn cúnamh uathu. Léireoidh an tacaíocht a thabharfar dóibh an riachtanas iarbhír a bheidh ann ag aon am ar leith.

Má bhíonn tacaíocht CRS ar fáil bíonn sé tábhachtach a chinntiú nach n-éireodh dalta ró-spleách dá bharr is nach gcruthódh sé bac nó idirghabhálaí idir an dalta agus múinteoir an ranga, is nach gcuirfeadh sí le haonrú sóisialta na ndaltaí trí bhac a chruthú idir iad a bpiaraí.

**Ceann de na príomhaidhmeanna atá ann i gcás daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu is ea a chinntiú nuair a mbeidh a n-oideachas críochnaithe sa scoil acu go mbeidh siad ina ndaoine fásta óga neamhspleácha chomh fada agus is féidir sin. Dá bhrí sin is gá cothromaíocht a bhaint amach idir an tacaíocht a chuirtear ar fáil i scoileanna agus ceart gach dalta chun scileanna neamhspleáchais phearsanta a fhorbairt. Ar an ábhar sin, d'fhonn gach deis is féidir a thabhairt do na daltaí sin chun scileanna neamhspleácha maireachtála a fhorbairt, ba cheart an tacaíocht cúnta CRS a thugtar dóibh a choinneáil ar an leibhéal is ísle agus is féidir le freastal ar riachtanais chúraim an dalta.**

Mar mhalairt ar sin d'fheadfaí an iomarca tacaíochta CRS a sholáthar sa chaoi go mbeadh an duine fásta a chuirtear fáil dó nó di á leanúint ar feadh an lae nó i gcónaí i mbun monatóireachta air nó uirthi. Mar is léir ón athbhreithniú beartais, d'fhéadfadh aonrú sóisialta, frustrachas agus mothú eisiata a chruthú dá bharr sin agus d'fhéadfadh sé cosc a chur ar an leanbh scileanna a fhorbairt maidir le maireachtáil go neamhspleách.

Dea-chleachtas is ea é CRSanna a bheith ar an eolas faoi na bealaí éagsúla inar féidir tacaíocht a chur ar fáil, mar fanacht gar don dalta nó tamall uaidh nó uaithi, de réir mar is cuí, agus a chinntiú nach mbeidh dalta spleách ar CRS faoi leith.

Is féidir leas a bhaint as teagasc foirne ar bhealach straitéiseach le cuidiú leis an dalta fhoghlaim i dtimpeallacht níos neamhspleáiche sa seomra ranga agus bogadh ó spleáchas go neamhspleáchas. Ba cheart ról na ndaltaí eile i dtaca leis seo a chur san áireamh chomh maith.

## 12 Ról na Scoileanna maidir le Tacaíocht CRSanna a Bhainistiú

**Ba cheart do scoileanna CRSanna a úsáid sa bhealach is fearr a chomhlíonann riachtanais tacaíochta cúraim na leanaí atá cláraithe sa scoil ar leithdháileadh tacaíocht CRS dóibh. Is ar na scoileanna atá sé an tacaíocht a leithdháileadh de réir mar is gá, agus é sin ar bhonn riachtanas na ndaltaí aonair, rud a thugann solúbthacht do scoileanna faoin chaoi a úsáidtear an tacaíocht CRS.**

Nuair a leathdháiltear iad ar na scoileanna, is baill thábhachtacha luachmhara iad na CRSanna i bpobal na scoile. Is áis thábhachtach é an CRS don scoil ar fad. Glacann CRSanna páirt go hiomlán i saol na scoile agus mar sin d'fhéadfaidís cabhrú le páistí eile sa scoil, a mbíonn cúnamh ag teastáil uathu ó am go ham, nó a mbíonn riachtanais chúraim eadrannacha acu, ach nár measúnadh iad mar pháistí a mbíonn tacaíocht CRS ag teastáil uathu ar bhonn seasmhach.

Bíonn dualgais an CRS á sannadh ag lánrogha an Phríomhoide, nó duine eile ag feidhmiú thar cheann an Phríomhoide, agus/nó bord bainistíochta de chuid scoile nó de chuid an VEC i gcomhréir le Ciorclán 0071/2011.

Ba cheart obair na CRSanna, faoi threoir an phríomhoide nó múinteora, a bheith dírithe ar thacú le riachtanais cúraim áirithe an dalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige nó aici agus ba cheart monatóireacht a dhéanamh go leanúnach ar an gcúram agus é a mhodhnú dá réir.

Ba cheart d'údaráis na scoile a chur in iúl do thuismitheoirí cad é ról agus dualgais na CRSanna agus an fáth ar ceapadh an scéim, faoi mar atá leagtha amach san Imlitir seo, agus é sin a dhéanamh nuair a bhíonn tuismitheoirí sa scoil agus iad ag plé tacaíocht CRS a sholáthar do leanaí incháilithe.

## 13 Athbhreithniú Bliantúil

**Déanann an NCSE athbhreithniú bliantúil ar gach leithdháileadh CRS ós rud é go leithdháiltear tacaíocht ar gach scoil anois gach bliain.**

Is é an phríomhsprioc atá ag tacaíocht CRS ná cabhrú le páistí a gcuid scileanna a fhorbairt maidir le maireachtáil go neamhspleách. Tá sé tábhachtach nach mbeadh na daltaí ag brath an iomarca ar thacaíocht ó CRSanna fásta ná scoite amach go míchuí óna bpiaraí. I gcásanna ina laghdaíonn an riachtanais chúraim agus go mbaintear amach sprioc an neamhspleáchais, ba cheart an méid tacaíochta ó CRS atá ag teastáil ón leanbh a laghdú. I gcásanna áirithe d'fhéadfadh riachtanais chúraim an dalta fanacht gan athrú nó fiú méadú de bharr nádúr an reachta atá air nó uirthi. Déantar athbhreithniú go rialta ar riachtanas na daltaí sin a bhfuil thacaíocht CRS á dtabhairt dóibh, agus cuid thábhachtach den phróiseas athbhreithnithe sin, agus cuid a bhfuil meas uirthi, is ea aiseolas na scoile agus na dtuismitheoirí. Is é an riail ghinearálta ná gur cheart go laghdófaí ról na foirne tacaíochta de réir mar a éiríonn na daltaí níos neamhspleáiche. Nuair a dhéantar athbhreithniú ar thacaíocht CRS ba cheart go ndéanfaí athbhreithniú freisin ar an bplean tacaíochta cúraim don leanbh lena mbaineann.

## 14 Leithdháileadh de Réir Fráma Ama

Ní bhíonn na riachtanais chúraim atá ag daltaí buan ach athraíonn siad de réir mar a fhásann agus a fhorbraíonn na leanaí. D'fhéadfadh sé tarlú ina lán cásanna, gur cuireadh tacaíocht chúram CRS ar fáil do dhalta chun deacracht faoi leith a d'fhéadfadh a bheith aige nó aici ag am áirithe a mhaolú. D'fhéadfaí mar shampla ar tacaíocht cúraim a sholáthar chun cabhrú leis nó léi maidir le cúrsaí leithris nó maidir le hiompar áirithe.

**D'fhéadfadh athrú teacht ar riachtanais chúraim dalta le himeacht aimsire. Tagann laghdú nádúrtha ar na riachtanais cúraim atá go leor páistí de réir mar a éiríonn siad níos sine agus mar a fhorbraíonn siad go fisiciúil agus go sóisialta.**

Ní bheadh sé cuí ná tairbheach do leanaí go dtabharfaí tacaíocht buan CRS dóibh agus go mbeadh sé acu an t-am go léir a bheadh siad sa scoil agus gan aon scrúdú a dhéanamh ar na riachtanais sin a d'fheadfadh a bheith ag athrú. Dá gcuirfí tacaíocht bhuan ó dhuine fásta ar fáil do leanaí nuair nach mbeadh an tacaíocht sin riachtanach a thuilleadh d'fhéadfadh sé bac a chur le forbairt scileanna neamhspleácha maireachtála na leanaí sin agus lena n-idirghníomhaíocht lena bpiaraí agus d'fhéadfaí stiogma a chruthú.

**Cé go gcoinneoidh an NCSE ar bun na cóimheasa iosta a mhol SERC maidir le tacaíocht CRS i scoileanna agus ranganna speisialta, cuirfear teorainneacha ama le gach leithdháileadh CRS eile a dhéanfar ó Mheán Fómhair 2014 ar aghaidh agus nascfar iad le plean pearsanta a chaithfear a sholáthar don dalta. Déanfar na leithdháiltí sin ar dtús i gcomhair tréimhse trí bliana ar a mhéid agus faoi réir athbhreithnithe bhliantúil, agus déanfar athmheasúnú iomlán ar a gcuid riachtanas cúram ag deireadh na tréimhse trí bliana.**

## 15 Plean Pearsanta Dalta

Ba cheart go mbeadh Plean Pearsanta Dalta ina chuid den sholáthar a dhéantar do gach dalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Ba cheart glacadh le cur chuige foirne maidir le forbairt, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú Phleananna Pearsanta Daltaí. Nuair is cuí, agus in aon chás ina bhfuil tacaíocht CRS á cur ar fáil, ba cheart gné chúraim a chur san áireamh sa phleanáil.

Spreagtar scoileanna faoi láthair leas a bhaint as pleanáil ar bhonn aonraic trí threoir bheartas, tacaíocht, agus oiliúint agus tá pleanáil oideachais phearsanta de chineál éigin in úsáid ag an gcuid is mó de na scoileanna anois do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Cuirfear cabhair bhreise ar fáil do scoileanna maidir le forbairt Pleananna Pearsanta Daltaí i gCiorcláin a chuirfear ar fáil amach anseo.

Idir an dá linn, tá faisnéis ar fáil do scoileanna sna doiciméid seo a leanas ó na Seirbhísí Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, agus ó na Seirbhísí Tacaíochta um Oideachas Speisialta, mar aon le treoracha agus teimpléid samplacha maidir le Pleananna Pearsanta Daltaí a d'fhéadfadh scoileanna a úsáid nó tagairt a dhéanamh dóibh:

- Special Educational Needs- A Continuum of Support
- Guidelines on the Individual Education Plan process
- Special Education Support Service (SESS) - Teaching Methods and Organisation

**Maidir le gach taca breise a sholáthraítear ar bhonn aonraic le cabhrú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu, ba cheart iad go léir a bheith nasctha le próisis phleanála phearsanta do na daltaí sin dá bhfuil an t-iarratas á dhéanamh.**

Má dhéantar iarratas ar tacaíocht bhreise, mar shampla tacaíocht chúraim, tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil plean soiléir i bhfeidhm ag an scoil faoi conas a úsáidfear an acmhainn sin agus cé chomh fada a bheidh sí ag teastáil ón scoil.

Ón scoilbhliain 2015/16 ar aghaidh beidh sé riachtanach cóip de Plean Pearsanta Dalta an dalta a sholáthar in éineacht le gach iarratas nua ar thacaíocht CRS agus chaithfidh sé a bheith nasctha go soiléir leis an bpleanáil ar bhonn aonraic atá leagtha amach do gach dalta agus chaithfear tagairt go sonrach do riachtanais aitheanta chúraim an dalta. Ní mór an plean a bheith dírithe ar scileanna neamhspleáchais an dalta a fhorbairt go réamhghníomhach agus ní mór a leagadh amach na cláir agus na straitéisí atá á n-úsáid le freastal ar riachtanais an linbh.

**Ón scoilbhliain 2015/16 ar aghaidh beidh sé riachtanach cóip de Plean Pearsanta Dalta a sholáthar le haghaidh gach dalta ina ndéanfar cur síos ar riachtanais chúraim speisialta an dalta agus a léireoidh conas a úsáidfear an CRS le cabhrú leis an dalta. Ba cheart a léiriú sa phlean freisin conas a bheidh sé ar intinn ag an scoil féachaint chuige go laghdófar an spleáchas ar chúntóir riachtanas speisialta agus más féidir go gcuirfear deireadh leis an spleáchas sin laistigh de thréimhse réasúnta ama. Ba cheart spriocanna ama maidir le forbairt scileanna neamhspleáchais a bheith san áireamh sa phlean. Ní chuirfear tacaíocht ó chúntóir riachtanas speisialta ar fáil le linn a gcuid oideachais go léir ach do líon an-bheag daltaí a bhfuil riachtanais diana speisialta oideachais acu mar aon le riachtanais an-suntasacha cúraim.**

Dea-chleachtas is ea é gur cheart don CRS cur leis an bplean cúraim agus tacú leis an dalta a t(h)uairim a thabhairt faoi Phlean Pearsanta an Dalta. Cabhróidh an CRS freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean agus ar an tionchar atá aige. Áirítear leis sin doiciméadú a dhéanamh trí sceidil bhreathnaithe ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le riachtanais chúraim an linbh ar bhonn lá go lá.

## 16. Dearcthaí an Pháiste.

Agus cinneadh á dhéanamh maidir le leibhéal agus méid rochtana ar an tacaíocht CRS ba chóir a sholáthar do pháiste, ba chóir tús áite a thabhairt do leasanna is fearr an pháiste.

A mhéid is indéanta, ba chóir dearcthaí páiste atá in ann a d(h)earcthaí féin a fhorbairt a fháil agus aird mar is cuí a thabhairt orthu, bunaithe ar aois agus ar aibíocht an pháiste.

Dá réir sin, ba chóir dearcthaí an pháiste, más féidir, a chur san áireamh agus athbhreithniú á dhéanamh ar an méid tacaíochta CRS a bheidh ag teastáil.

## 17. Leithdháileadh Iar-Bhunscoile CRS

Ba chóir glacadh le haistriú go dtí an iar-bhunscoil mar am tábhachtach i saol an dalta faoi riachtanais speisialta oideachais.

**Ba chóir go mbeadh sé seo soiléir i bPleananna Pearsanta na nDaltaí sa cheathrú agus sa chúigiú rang agus ba chóir díriú ar a chinntiú go bhfuil, a mhéid agus is féidir, riachtanais chúraim na ndaltaí feabhsaithe sula mbogann an dalta ar aghaidh chuig an iar-bhunscoil.**

Beidh riachtanas do leibhéal éigin rochtana ar thacaíocht CRS ag teastáil go leanúnach ó dhaltaí áirithe, go háirithe iad siúd faoi mhíchumas fisiceach nó iad siúd faoi riochtaí le riachtanais sheasmhacha. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh riachtanais ghearrthréimhseacha chúraim ag daltaí faoi SEN le linn dóibh aistriú chuig iar-bhunscoileanna.

I gcás daltaí áirithe ag aois iar-bhunscoile b'fhéidir nach dtiocfadh riochtaí nó riachtanais chun cinn ach nuair a éiríonn an páiste nó an duine fásta óg níos sine.

Ar an mórchóir, áfach, níor cheart go mbeadh tacaíocht CRS ag teastáil ach i rang a sé i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna ó dhaltaí faoi riachtanais ainsealacha agus dháiríre chúraim. Ba chóir tacaíochtaí cúraim a bhíonn ar fáil dá thoradh sin, a úsáid chun breis tacaíochtaí teagaisc forlíontacha a sholáthar don ghrúpa seo daltaí.

**Soláthrófar tacaíocht CRS d'Iar-Bhunscoileanna a gcláraíonn daltaí faoi riachtanais speisialta cúraim oideachais iontu agus soláthrófar tacaíocht ar shlí a thugann aitheantas do shainriachtanais iar-bhunscoileanna, áit ar féidir le daltaí freastal ar ranganna éagsúla le hais a bheith lonnaithe sa seomra ranga amháin den chuid is mó.**

Níl rochtain leantach agus leanúnach ar thacaíocht CRS inmhianaithe áfach do dhaltaí iar-bhunscoile, ach amháin má tá géarghá lena leithéid, de bhrí go bhféadfadh sé cur isteach ar a neamhspleáchas agus riachtanais shóisialaithe ag céim thábhachtach forbartha dá saol.

Is é an cineál tacaíochta is oiriúnaí do dhaltaí iar-bhunscoile faoi riachtanais speisialta oideachais i ngnáthscoileanna meascán de thacaíochtaí difreáilte agus breise teagaisc ó mhúinteoirí ranga, lena n-áirítear múinteoirí acmhainne/tacaíochta foghlama trí theagasc foirne nó dalta a thógáil amach as an seomra ranga agus foirne teagaisc ábhartha eile, le hais tacaíocht chúraim a fháil ó CRS.

**Dá réir sin, ainneoin go mbeidh tacaíocht CRS á soláthar d'iar-bhunscoileanna nuair is gá, go ginearálta ní bheidh tacaíocht CRS in iar-bhunscoileanna á leithdháileadh ach ar dhaltaí faoi riachtanais ainsealacha agus dháiríre chúraim. Agus machnamh á dhéanamh ar iarratais do thacaíocht CRS ó iar-bhunscoileanna déanfaidh NCSE cuntas den tábhacht a bhaineann leis an riachtanas tacaíochtaí cúraim cuí a leithdháileadh ar aon dul le ceart páiste scileanna pearsanta neamhspleáchais a shealbhú.**

## 18. Achomharc a dhéanamh le Scoil

In imthosca inar cháiligh páiste do rochtain ar thacaíocht CRS agus go bhfuil an rochtain á soláthar laistigh den mhéid tacaíochta CRS atá léithdháilte ar scoil, sa chás go síleann tuismitheoir nach bhfuil dóthain tacaíochta cúraim á fáil ag a p(h)áiste sa scoil, ba chóir don tuismitheoir, ar an gcéad ásc, an cheist a phlé le Príomhoide na Scoile nó le Bord Bainistíochta na Scoile.

Tá údaráis bhainistíochta scoile freagrach as bainistiú agus úsáid CRSanna ina scoil féin agus, dá réir sin, tá deis acu an leibhéal tacaíochta atá á fháil ag páiste sa scoil a leasú nó a laghdú.

## 19. Próiseas achomhairc NCSE

Tá próiseas achomharc forbartha ag NCSE i ndáil le leithdháiltí tacaíocht CRS.

Tugann an próiseas achomhairc deis do scoileanna, nó tuismitheoirí, cinntí a dhéanann SENOanna Uaireanta Teagasc Acmhainne (RTH) nó CRSanna a leithdháileadh ar scoileanna a achomharc.

I measc na gcinntí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir achomharc tá cinntí a bhaineann le páiste nach cáilíonn do leithdháileadh CRS, de réir chritéir DES, nó cinntí a bhaineann leis an gcandam acmhainní leithdháilte ar scoil, i.e. an líon CRSanna leithdháilte ar scoil chun freastal ar riachtanais chúraim páistí cáilithe.

Seo a leanas gnéithe suntasacha an phróisis achomhairc nua atá forbartha ag NCSE:

- Sa chás go ndéanann tuismitheoir/scoil cinneadh a achomharc nár tugadh rochtain do pháiste ar uaireanta teagasc acmhainne agus/nó tacaíocht CRS ar an mbonn nach raibh beartas DES á chomhlíonadh

- Sa chás go measann an scoil nach bhfuil leibhéal cuí teagaisc/tacaíochtaí SENO, trí bheartas DES a chur i bhfeidhm, leithdháilte ar an scoil chun riachtanais speisialta oideachais agus/nó cúraim an pháiste i gceist a chomhlíonadh

Ainneoin, ar an gcéad ásc, go mbeidh acmhomhairc á meas ag SENOanna Sinsearacha tá deis ann maoirseacht neamhspleách a dhéanamh sa mhéid is go mbeidh rochtain ag scoileanna/tuismitheoirí ar Choiste Comhairleach neamhspleách um Achomhairc (AAC), má mheasann siad go raibh an próiseas achomharc lochtach nó easpach.

Tá na sonraí ar fad a bhaineann leis an bpróiseas achomhairc le fáil ag www.ncse.ie

Jim Mulkerrins
An Rannóg um Oideachas Speisialta